## Bailiú agus comhroinnt sonraí maidir le seirbhísí lóistíní ar chíos gearrthéarmach - seasamh Airbnb

### 1. ACHOIMRE FHEIDHMEACH:

Tá saoránaigh na hEorpa ag dul i muinín na hóstála chun géarchéim an chostais mhaireachtála, atá ag géarú, a sheasamh. **Deir os cionn 40% díobh siúd a óstálann trí ardán Airbnb san Aontas Eorpach go ndéanann siad amhlaidh chun costais mhaireachtála atá ag ardú go tapa a chlúdach.**[1]

Creidimid gur féidir le rialacha soiléire comhréireacha simplí na buntáistí a bhaineann leis an óstáil a thabhairt do ghnáth-óstaigh agus cabhrú leo greim a choinneáil faoin bhfiacail. Tá obair á déanamh againn cheana féin le lucht déanta beartas ar fud an Aontais chun rialacha cothroma trédhearcacha faoi lóistíní ar chíos gearrthéarmacha (STR) a bhunú agus a fhorfheidhmiú agus chun comhroinnt fhreagrach tithe a chinntiú. **Sa chomhthéacs seo, fáiltíonn Airbnb roimh Thogra an Choimisiúin Eorpaigh** le haghaidh Rialachán maidir le bailiú agus comhroinnt sonraí a bhaineann le lóistíní ar chíos gearrthéarmach.

**Creidimid freisin gur féidir leis an Aontas Eorpach tuilleadh a dhéanamh**. Lasmuigh den Togra seo fiú, bíonn Airbnb ag éileamh cur chuige níos comhordaithe maidir le lóistíní ar chíos gearrthéarmach agus saincheisteanna turasóireachta ar fud Mhargadh Aonair an Aontais Eorpaigh i gcónaí – léiríodh dúinn go léir le COVID a thábhachtaí agus atá ailíniú ar leibhéal AE lena chinntiú gur féidir leis an earnáil maireachtáil, dul in oiriúint agus fás go hinbhuanaithe. Creidimid gur gá tuilleadh comhordaithe agus comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh - bíodh sé sin trí chomhlacht neamhspleách nó trí Ghníomhaireacht Turasóireachta nó eile - agus cuireann sin bonn eolais faoinár bhfreagairt ar an Togra seo: is é ár mbunchuspóir **a chinntiú go soláthrófar i ndáiríre leis an téacs deiridh rialacha comhchuibhithe comhréireacha, go háirithe i gcás Óstaigh lóistín ar chíos gearrthéarmach.** Agus muid ag baint leas as ár dtaithí i mBallstáit an Aontais Eorpaigh agus ar fud an domhain, ba mhaith linn roinnt smaointe a roinnt maidir le conas próisis chomhroinnte sonraí a shimpliú agus a chomhchuibhiú tuilleadh d'ardáin, do Bhallstáit agus d'Údaráis Inniúla. Iarraimid freisin ról feabhsaithe don Choimisiún Eorpach maidir le clárú cothrom comhréireach a chinntiú ar an leibhéal áitiúil.

Sa pháipéar seo, leagann Airbnb amach na réimsí feabhsúcháin seo a leanas maidir leis an Togra:

1. Creat comhchuibhithe comhroinnte sonraí a chruthú a oibríonn ó thaobh na praiticiúlachta de, lena n-áirítear cruthú **Pointe Aonair Iontrála Sonraí ar leibhéal an**

[1] Bunaithe ar shuirbhé Airbnb ar níos mó ná 36,000 Óstach ag a raibh áirithintí idir an 1 Meitheamh 2021 agus an 31 Nollaig 2021 agus a ndearnadh suirbhé orthu idir an 17 Feabhra 2022 agus an 31 Márta 2022. Lamháil earráide faoi 2%. Tuilleadh ar fáil anseo.

**Aontais (seachas an leibhéal náisiúnta)** chun an próiseas comhroinnte sonraí a chuíchóiriú de réir ár bPlean Gníomhaíochta d'Óstaigh an Aontais Eorpaigh.

2. **Ról níos soiléire don Choimisiún Eorpach** maidir le comhréireacht an chlárúcháin agus rialacha eile maidir le lóistíní ar chíos gearrthéarmach arna mbunú ag údaráis inniúla a mheasúnú agus a fhíorú, ina ról mar chathaoirleach ar Ghrúpa Comhordaithe an Phointe Aonair Iontrála Sonraí.
3. An Treoir um Sheirbhísí a **fhorfheidhmiú** i gcásanna **rialacha STR díréireacha a théann níos faide ná raon feidhme an** Togra seo .

## 2. CÉIM THÁBHACHTACH CHUN TOSAIGH:

Tacaímid le cur chuige ginearálta an Choimisiúin lena:

- Sainaithnítear roinnt **prionsabail ghinearálta le haghaidh scéimeanna clárúcháin STR ar bhonn uilechoiteann** beag beann ar ghníomhaíochtaí comhroinnte sonraí (Airteagal 4). I bhfad rómhinic, bíonn rialacha STR áitiúla trom agus casta d'Óstaigh STR - go háirithe gnáthóstaigh - chun cloí leo. I mBeirlín, mar shampla, ceanglaítear ar gach Óstach próiseas trom clárúcháin agus ceada as líne a leanúint, fiú má tá siad ag óstáil ina bpríomháit chónaithe.  Soiléirítear leis an Togra rialála seo an cineál scéimeanna cothroma comhréireacha clárúcháin óstach ba cheart a bheith i mBallstáit uile an Aontais, i gcomhréir leis an Margadh Aonair.

- Déantar rochtain ar shonraí óstála STR coinníollach ar scéimeanna clárúcháin comhréireacha agus ar rialacha áitiúla STR a bheith ann, ar scéimeanna agus rialacha iad atá i gcomhréir le creataí dlíthiúla an Aontais (Airteagal 12.2 (b)) – agus i bhfocail eile**, níor cheart go bhfuil an deis ag na húdaráis rochtain a fháil ar shonraí chun críocha forfheidhmithe ach amháin nuair a bhíonn na bunrialacha iad féin atá an t-údarás ag iarraidh a fhorfheidhmiú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an dlí Eorpach**.

- Tacaímid leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit **clárlann uimhreacha clárúcháin a chur ar bun agus a choimeád (Airteagal 4.4)** rud a chuirfidh le trédhearcacht agus le deimhneacht dhlíthiúil d'óstaigh agus d'ardáin araon, agus a fhágfaidh go bhféadfar seiceálacha randamacha uathoibrithe a dhéanamh ar an ardán (Airteagal 7.1 (c)).

## 3. RÉIMSÍ FEABHSÚCHÁIN BREISE:

Creideann Airbnb freisin, chun go n-oibreoidh an creat nua tuairiscithe sonraí seo ó thaobh na praiticiúlachta de, **gur féidir leis an Togra dul níos faide** maidir le próisis roinnte sonraí a fhíorshimpliú agus a fhíor-chomhchuibhiú d'ardáin, do Bhallstáit agus d'Údaráis Inniúla, agus maidir le clárú cothrom comhréireach a chinntiú do ghnáth-Óstaigh. Anseo thíos, aithnímid roinnt réimsí le haghaidh tuilleadh feabhsúcháin.

- **Creat comhroinnte sonraí a oibríonn ó thaobh na praiticiúlachta de a chruthú:**

Aithníonn Airbnb na hiarrachtaí atá déanta ag an gCoimisiún chun comhroinnt sonraí ar ardáin a chomhchuibhiú ar fud an Aontais - mar shampla trí na pointí sonraí atá le comhroinnt ar ardáin níos mó agus minicíocht na comhroinnte sonraí a shainiú go soiléir (Airteagal 9.1).

Mar sin féin, tá ailtireacht an chreata comhroinnte sonraí fós ar an leibhéal náisiúnta. Leis na 27 bPoint Iontrála Sonraí “Aonair” éagsúla atá ann méadófar an dóchúlacht go mbeidh difríochtaí idir na bealaí a mbunóidh gach Ballstát na comhéadain theicniúla agus beidh moilleanna ar chomhlíonadh mar a chonaiceamar le déanaí lenár dtaithí le API náisiúnta sa Fhrainc. Ónár dtaithí ar na táirgí sin a chruthú, beidh gá le réiteach táirge tiomnaithe ar an ardán maidir le gach difríocht theicniúil idir na córais náisiúnta, rud a thabhóidh costais shuntasacha um chomhlíonadh agus leaganacha nua táirgí d'ardáin agus do Bhallstáit agus dá n-údaráis áitiúla.

Tá sé riachtanach go mbainfear na huaillmhianta sa Togra amach maidir le próisis chomhroinnte sonraí a shoiléiriú, a chomhchuibhiú agus a shimpliú, seachas ilroinnt bhreise a bheith mar thoradh air. **Sin an fáth a n-athdhearbhaímid ár n-éileamh ar Phointe Aonair Iontrála Sonraí ar fud an Aontais (seachas ceann náisiúnta) chun comhroinnt sonraí a chuíchóiriú agus a éascú.** Le réiteach teicniúil aonair soláthrófar soiléireacht d'ardáin. Ina theannta sin, bainfidh na Ballstáit leas as réiteach simplí éifeachtúil chun lóistíní ar chíos gearrthéarmach a bhainistiú agus a thuairisciú.

Ar a laghad ar bith, tá sé ríthábhachtach go leagfaidh an Coimisiún amach i ngníomh cur chun feidhme (mar a fhoráiltear in Airteagal 10.5), conas go díreach ba cheart comhéadain theicniúla náisiúnta a bhunú chomh maith le ról comhairleach d'ardáin sa phróiseas sin a dheimhniú, lena n-áirithiú go mbeidh na próisis theicniúla leordhóthanach agus gur féidir iad a thástáil maidir le comhoiriúnachta le huirlisí comhroinnte sonraí ar ardáin. Soláthrófar leis sin soiléireacht theicniúil agus cinnteofar leis go mbeidh an creat tuairiscithe sonraí oiriúnach don fheidhm.

Nasctha leis an méid thuas - tá ionchas reatha ann go mbeidh gach páirtí leasmhar comhlíontach laistigh de 24 mí i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Togra seo (Airteagal 19). Mar sin féin, braithfidh comhlíonadh na n-ardán ar fhéilirí comhlíonta páirtithe leasmhara eile. Mar shampla, maidir le cathain agus conas a thabharfaidh údaráis inniúla clárú comhréireach a bheidh ailínithe leis an Togra seo isteach, agus maidir le conas agus cathain a bhunóidh Ballstáit a bPointí Iontrála Aonair Sonraí agus comhéadain theicniúla ghaolmhara maidir le glacadh sonraí. **Dá bhrí sin, éilíonn Airbnb féilire seicheamhach um chomhlíonadh. Ba cheart 12 mhí a thabhairt d'ardáin chun comhlíonadh (lena n-áirítear comhoiriúnacht le comhéadain náisiúnta a thástáil), i ndiaidh tréimhse tosaigh 12 mhí don Bhallstát chun comhlíonadh.** Cinnteofar soiléireacht agus éifeachtúlacht níos fearr leis sin do na páirtithe leasmhara go léir.

- **Ról níos soiléire don Choimisiún Eorpach maidir le** comhoiriúnacht an chlárúcháin agus rialacha eile arna mbunú ag údaráis inniúla a mheasúnú agus a fhíorú**:**

**Éilíonn Airbnb ról comhordaithe níos láidre don Choimisiún Eorpach maidir le comhoiriúnacht rialacha áitiúla agus scéimeanna clárúcháin le creataí dlí AE a mheasúnú agus a fhíorú i gcomhthéacs an Togra seo (síneadh ar Airteagal 11).** Deimhnítear leis an Togra ról na mBallstát maidir le measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na scéimeanna clárúcháin áitiúla atá ann cheana agus cinn nua maidir leis an Togra seo agus le Treoir AE maidir le Seirbhísí i gcoitinne (Airteagal 12.2 (b)). Ar an drochuair, de bhrí gur braitheadh ar mheasúnú Ballstáit amháin, tá roinnt neamhréireachtaí ann maidir le taithí óstach agus ilroinnt an Mhargaidh Aonair. Creidimid gur cheart go mbeadh ról níos láidre ag an gCoimisiún maidir le prionsabail an Mhargaidh Aonair a chosaint agus maidir lena chinntiú go bhfuil rialacha áitiúla comhréireach i gcomhthéacs an Togra seo, go háirithe maidir leis an aidhm tacú le gnáth-Óstaigh agus Óstaigh neamhghairmiúla rochtain a fháil ar an margadh STR.

- An Treoir maidir le Seirbhísí a fhorfheidhmiú i gcásanna **rialacha STR díréireacha a théann níos faide ná raon feidhme an** Togra **seo:**

Ní thugtar aghaidh sa Togra seo ar chásanna na rialachán áitiúil díréireach a théann níos faide ná clárú agus comhthéacs tuairisciú sonraí. Ní thabharfar aghaidh ann ar chásanna amhail Barcelona, áit a bhfuil cosc ar sheomraí i bpríomháiteanna cónaithe a ligean ar cíos, geall leis, chun aimhleasa gnáth-Óstach agus Óstach neamhghairmiúil. Nó i mBeirlín, áit a dteastaíonn cead dochraideach ó Óstaigh i bpríomháiteanna cónaithe, cead a dheonaítear (ach ní rómhinic) agus go leor srianta ag gabháil leis. Nó in Amstardam, áit nach bhfuil ach Óstaigh i bpríomháiteanna cónaithe incháilithe don chead riachtanach agus nach féidir leo óstáil ach ar feadh 30 lá in aghaidh na bliana. Nó sa Bhruiséil, áit a bhforchuirtear ceanglais dhoiléire shriantacha agus nósanna imeachta fada iarratais ar Óstaigh sula dtugtar uimhir chlárúcháin dóibh. É sin, in ainneoin gur thionscain an Coimisiún Imeachtaí Sáraithe i gcoinne Ríocht na Beilge.

Cé go molann an Coimisiún ina Cheisteanna agus Freagraí go mbeidh cinnteoireacht níos eolasaí agus níos comhréirí mar thoradh ar níos mó trédhearcachta agus níos mó sonraí, d'fhéadfadh a mhalairt a bheith fíor freisin: féadfaidh údaráis inniúla sonraí a úsáid chun rialacha díréireacha i gcoinne óstaigh STR a fhorfheidhmiú.

**Lasmuigh de raon feidhme an Togra seo, éilíonn Airbnb ar an gCoimisiún bogadh níos gasta agus ar bhealach níos éifeachtúla chun an Treoir maidir le Seirbhísí a fhorfheidhmiú agus chun an Margadh Aonair a chosaint, lena n-áirítear saincheisteanna dlí AE a ardú go tapa le húdaráis nuair is léir nach bhfuil rialacha STR ag luí le creataí dlí AE, agus tabhairt faoi imeachtaí sáraithe i gcoinne Ballstát neamhchomhlíontach.** Sonraíonn Airbnb nach iad na hardáin STR amháin a bhfuil oibleagáidí comhlíonta orthu, ach go bhfuil oibleagáidí dlíthiúla ar na Ballstáit agus ar na húdaráis áitiúla ina leith sin freisin.

## 4. SAINCHEISTEANNA TEICNIÚLA EILE:

- **Ba cheart prionsabail íoslaghdaithe sonraí a bheith i gcroílár na gceanglas maidir le bailiú sonraí ar ardáin.** Níor cheart d'ardáin ach sonraí a thuairisciú a bhailíonn siad mar chuid dá ngnáthghnó. Mar shampla, cuimsítear sa Togra oibleagáid ar an ardán líon na n-aíonna a fhanann i lóistín a thuairisciú. Mar sin féin, ní bhailímid ach sonraí maidir le líon na n-aíonna a rinne áirithint chun fanacht i lóistín. Ina theannta sin, athraíonn an t-eolas sin go minic (m.sh. mar gheall ar theagmhais taistil nó athruithe ag an nóiméad deireanach) agus dá bhrí sin is táscaire neamhiontaofa é de ghníomhaíocht aoi STR. Éilíonn Airbnb ar an lucht déanta beartas an pointe sonraí sin a bhaint d'Airteagal 3.11 nó, ar a laghad ar bith, a shoiléiriú gurb iad na sonraí atá le soláthar na sonraí atá i seilbh an ardáin nuair a dhéantar an áirithint.

- **Prionsabail maidir le clárú:** sa bhreis ar na prionsabail maidir le clárú a leagtar amach in Airteagal 4, ba cheart a leagan síos sa Togra freisin **gur cheart go mbeadh na nósanna imeachta clárúcháin óstach saor in aisce** chun nach dtagann chun cinn bacainní ar rochtain ar an margadh d'óstaigh, chun gníomhaíocht chomhlíontach a spreagadh, agus chun comhréireacht a chinntiú do gach óstach, ina measc sin óstaigh neamhghairmiúla nó óstaigh ócáideacha.

- **Díolúintí ó chlárú óstach:** Iarrann Airbnb níos mó soiléireachta maidir le conas déileáil le cásanna díolúintí ó chlárú óstach i dtaca le hoibleagáidí maidir le tuairisciú sonraí. Díolmhaíonn go leor údaráis náisiúnta agus áitiúla cineálacha áirithe lóistíní (.i. báid, seomraí príobháideacha, óstáin, lóistíní cónaithe neamhthraidisiúnta, srl.), conarthaí (.i. iad siúd a chuirtear in iúl go díreach do na húdaráis chánach mar atá sa Phortaingéil) nó lóistíní ar chíos fadtéarmach (atá sainithe ar an leibhéal áitiúil nó náisiúnta) ó oibleagáidí clárúcháin nó ó oibleagáidí eile um chomhlíonadh, rud a chiallaíonn nach dteastaíonn uimhir chlárúcháin ó na hÓstaigh sin chun a ngníomhaíocht óstála a dhéanamh.

  Ba cheart go n-aithneofaí é sin sa Togra trí ligean d'ardáin an rogha a thabhairt d'Óstaigh a éileamh go bhfuil siad díolmhaithe ón nós imeachta clárúcháin is infheidhme ina gceantar, agus trí cheangal a chur ar ardáin sonraí na nÓstach sin a roinnt ar bhonn randamach leis na húdaráis inniúla ábhartha lena bhfíorú, ag baint úsáid as an nós imeachta céanna a úsáidtear maidir le huimhreacha clárúcháin faoi Airteagal 6.

- **Seiceálacha randamacha:** Aithníonn Airbnb a ról maidir le tacú le comhlíonadh óstach. Aithnímid go bhféadfadh seiceálacha randamacha (Airteagal 7.1 (c)) a bheith ina gcabhair do na húdaráis inniúla i gcásanna neamhchomhlíonta a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá sé ríthábhachtach, áfach, go mbeidh aon oibleagáidí ina leith sin, go háirithe nuair atá tionchar acu ar sheirbhísí na sochaí faisnéise mar a shainmhínítear sa Treoir maidir le Ríomhthráchtáil 2000/31, ag teacht le hAirteagal 31 den DSA ("Comhlíonadh trí Dhearadh") agus le haon soiléirithe ina dhiaidh sin maidir le léirmhíniú an téacs dlí sin, lena n-áirítear an tagairt do chineál uathoibrithe agus randamach/teoranta na seiceálacha sin chun cosc a chur ar oibleagáid ghinearálta faireacháin a chur ar an ardán (mar a fhoráiltear in aithris 16). Agus é sin ráite, a mhéid is mian le hardáin seiceálacha níos fairsinge a chur i bhfeidhm, ba

cheart dóibh tairbhe a bhaint as prionsabal an “tsamáraigh mhaith” mar a aithnítear sa DSA (Airteagal 7).

***

Is céad chéim láidir é Togra an Choimisiúin. Iarraimid anois ar Pharlaimint na hEorpa agus ar na Ballstáit a chinntiú go mbainfear na huaillmhianta sa Togra seo amach. Táimid ag tnúth le bheith ag obair leis na cinnteoirí go léir amach anseo.

**Airbnb**
**Nollaig 2022**

---

**IARSCRÍBHINN: Tuilleadh eolais faoi phobal Airbnb san Eoraip**

**Do shaoránaigh ar fud an Aontais Eorpaigh, deis eacnamaíoch shuntasach is ea óstáil ar ardán Airbnb – chun cur leis an ioncam atá acu cheana agus chun níos mó sochar eacnamaíoch a chur chun cinn do phobail Eorpacha.** Deir níos mó ná 40% d'Óstaigh AE ar Airbnb go roinneann siad a dteach chun cuidiú lena gcostais mhaireachtála atá ag ardú a íoc agus shaothraigh gnáth-Óstach AE díreach os cionn €3,000 in 2021. Chuir Óstaigh AE fáilte roimh níos mó aíonna ar Airbnb ná aon réigiún eile ar domhan agus tá níos mó ná €43 billiún saothraithe acu le chéile trína dtithe a ligean ar cíos ar Airbnb. Níl ach liostú amháin ag formhór mór Óstaigh AE (1 mhilliún as 1.34 milliún Óstach in 2021) agus tá go leor acu suite lasmuigh d'ionaid uirbeacha, rud a chuidíonn le tairbhí turasóireachta a scaipeadh chuig teaghlaigh agus chuig pobail áitiúla. In 2019, thacaigh taisteal ar Airbnb le beagnach 345,000 post san Aontas Eorpagh agus ghin sé beagnach €19 mbilliún de ranníocaíocht OTI trí chaiteachas aíonna.

Is mian le Airbnb a bheith ina chuid den réiteach ar na dúshláin atá roimh phobail. Táimid ag obair cheana féin le lucht déanta beartas ar fud an Aontais chun rialacha cothroma trédhearcacha SRT a bhunú agus a fhorfheidhmiú agus chun comhroinnt fhreagrach tithe a chinntiú.

- D'oibríomar le húdaráis áitiúla agus náisiúnta ar fud an Aontais chun **tacú le scéimeanna simplí ar líne um chlárú óstach** i gcathracha ar fud na Fraince, san Ísiltír, sa Ghearmáin, san Ungáir, sa Phortaingéil, sa Chatalóin, sa Danmhairg agus sa Ghréig. Beimid i mbun plé go luath freisin le húdaráis san Iodáil, in Éirinn agus sa Bhruiséil maidir le clárúchán nua nó le clárúchán athbhreithnithe ina ndlínsí.

- Tá an **Tairseach Chathrach** – ardán saincheaptha Airbnb do rialtais chun rochtain a fháil ar shonraí ar Airbnb – curtha ar fáil freisin do 174 rialtas agus údarás san Eoraip. Is é Airbnb an t-aon ardán STR a bhfuil uirlis thiomnaithe cruthaithe aige do rialtais ar fud na hEorpa.

- Trí **chomhoibrithe cánach turasóireachta** Airbnb rinneadh breis agus $6 bhilliún d'ioncam cánach turasóireachta a bhailiú agus a tharchur ar fud an domhain, **ina measc sin $573 milliún (€511 milliún) san Aontas Eorpach**.[2]

- Roinnimid **sonraí faoi thuilleamh óstach** le húdaráis chánach ar fud na hEorpa cheana féin, ina measc sin sa Fhrainc, sa Spáinn, sa Danmhairg agus san Eastóin. Tacaímid go láidir le treoir AE DAC 7 lena gcuirfear creat comhchuibhithe ar fáil d'ardáin chun tuilleamh óstach a thuairisciú ón mbliain seo chugainn.

- Roinnimid sonraí comhiomlána mionsonraithe le **Eurostat** ar leibhéal AE i gcomhar leis na hardáin STR eile ó 2020[3].

- Chuidigh Airbnb freisin le pobail agus le húdaráis áitiúla maidir le raon fadhbanna **iontaoibhe agus sábháilteachta** . Ina measc sin tá ár Línte Tacaíochta Comharsanachta chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna torainn agus núise agus ár gcosc domhanda ar chóisirí a fhorfheidhmiú.

- Agus ár saineolas teicneolaíochta a chur chun tairbhe chun cuidiú leis an turasóireacht a scaipeadh, ina measc sin uirlisí taistil solúbtha chun éileamh aíonna a threorú chuig na háiteanna is mó a bhfuil gá leis.

Tá súil againn go gcuideoidh an cur chuige atá leagtha amach ag an gCoimisiún ina Thogra le níos mó cinnteacht dhlíthiúil a chur ar fáil d'ardáin agus go gcuideoidh sé linn mar sin ár gcomhoibriú le húdaráis áitiúla agus náisiúnta a mhéadú agus a chinntiú go mbeidh aon chomhroinnt sonraí ailínithe le dlí AE, go háirithe an RGCS.

**Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar na tuarascálacha seo a leanas (in ord ama):**

- Conas a thacaíonn Airbnb le Taisteal Inbhuanaithe san Eoraip (Samhain 2022)
- Fáiltíonn Airbnb roimh thograí maidir le rialacha an Aontais (Samhain 2022)
- Treisíonn Cuardach Solúbtha Airbnb taisteal inbhuanaithe san Eoraip (Samhain 2022)
- Téann muintir na hEorpa i muinín na hóstala agus na costais mhaireachtála ag ardú (October 2022)
- Suirbhé nua: Úsáideann Óstaigh AE ioncam Airbnb chun íoc as na costais mhaireachtála atá ag ardú (Bealtaine 2022)
- Anailís Oxford Economics: 2019 Thug Pobal Aíonna Airbnb Tacaíocht do 300,000 Post i 30 Pobal (Bealtaine 2021)

[2] ón 31 Lúnasa 2022

[3] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_20_194